AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Imlitir 0042/2010

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Scoileanna Comhphobail is Cuimsitheacha Aitheanta**
**mar aon leis**
**Na Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin de Choistí Gairmoideachais**

# Maolú teoranta ar an státchairde a bhaineann le Poist Chúraim a líonadh don scoilbhliain 2010/11.

# Tosach ar na nósanna imeachta leasaithe a bhainfidh le ardú céime sna scoileanna dara leibhéal.

## 1. Réamhrá

Is mian leis an Tánaiste agus leis an Aire Oideachais & Scileanna a chur in iúl d'údaráis scoileanna agus Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin na gCoistí Gairmoideachais go bhfuil maolú teoranta éigin curtha i bhfeidhm ó 27 Márta 2009 ar phoist chúraim a líonadh. Léiríonn an imlitir seo (ag Uimh. 4, thíos) conas mar atá an scéal maidir le tosach na nósanna imeachta leasaithe sna scoileanna dara leibhéal.

An maolú teoranta atá curtha ar bun faoi látair, tá béim dá cur aige ar na scoileanna sin atá corraithe go mór ag leibhéal Príomhoidí Cúnta de thoradh an mhaolaithe. Leanfar ar aghaidh leis an maolú, mar ar rinneadh é a fheidhmiú ó 27 Márta 2009, chun na poist chúraim atá folamh ag leibhéal na ndualgas speisialta a líonadh. Áireofar sna poist sin folúntas ar bith a éireoidh de thoradh ardú céime chuig Príomhoide Cúnta faoi na heagair mhaolaithe seo. Cuirfear an státchairde i bhfeidhm, freisin, ar na poist a bhainfidh le Príomhoidí Cúnta lastuas de na híostáirsigh mar atá leagtha amach sa tábla 3(a)(i), thíos. Ba chóir a shonrú nach raibh éifeacht ar bith ag an stáchairde ar lionadh na bpost a bhain le Príomhoidí agus le Leasphríomhoidí.

Cuirfear am maolú teoranta i bhfeidhm ar bhonn sealadach don scoilbhliain 2010/11 agus déanfar é a athbhreithniú ag an Roinn roimh an scoilbliain2011/12

Cuirfear na heagair mhaolaithe a leanas i bhfeidhm sa scoilbhliain 2010/11 ag an leibhéal bunoideachais agus iarbhunoideachais:

## 2. Leibhéal Bunoideachais:

Teoranta a beidh an maolú ag an leibhéal bunoideachais. Ní bheidh an maolú ar fáil ach do na bunscoileanna sin atá corraithe go mór de thoradh an státchairde ar líonadh na bpost cúram folamh ag leibhéal Príomhoidí Cúnta. Na bunscoileanna sin go raibh 400 dalta, ar a laghad, cláraithe ar 30 Meán Fómhair 2009, beidh a leithéid intofa chun maolú teoranta de shaghas éigin a fháil.

Na bunscoileanna sin a shásaíonn na critéir thuas agus gur mian leo bheith san áireamh le haghaidh maolaithe teoranta éigin, ba chóir dóibh iarraidh ar Rannóg Liúntas Bunscoileanna na Roinne faoi Dé hAoine 17 Meán Fómhair 2010 chun a gcuid imthoscaí maolaitheacha ar leith a chur i láthair.

An méid maolaithe le cur i bhfeidhm ag leibhéal scoile ar leith, déanfar é a chinneadh sa bhFómhar nuair a bheidh an líon folúntas san iomlán níos soiléire mar aon leis an leibhéal maolaithe a bheidh de dhíth.

## 3. Leibhéal Iarbhunoideachais:

Rinneadh na gnéithe maolaithe ag an leibhéal iarbhunoideachais a dhearadh chun a dheimhniú nach rachadh scoileanna laistíos d'íosleibhéal de thacaíocht mheánbhainistíochta ag leibhéal Príomhoide Chúnta.

Cuirfear na gnéithe maolaithe ag an leibhéal iarbhunoideachais i bhfeidhm mar a leanas:

(i) Poist Chúraim do Phríomhoidí Cúnta

Is féidir le údaráis scoileanna na poist chúraim do Phríomhoidí Cúnta a líonadh de réir an sceideal atá leagtha amach sa tábla thíos. Baineann an sceideal leis na folúntais a tharla ó cuireadh an státchairde ar bun ar 27 Márta 2009. San áireamh, freisin, beidh na folúntais a tharlóidh sa scoilbhliain 2010/11.

Tá an sceideal sa tábla bunaithe ar chlárú daltaí aitheanta ar chúrsaí ceadaithe agus bainfear feidhm as an sceideal sin chun na híostáirsigh a chinneadh le haghaidh an líon de phoist chúraim do Phríomhoidi Cúnta in iarbhunscoileanna ar leith.

Is é is brí le clárú daltaí ná na daltaí sin a bhí cláraithe i scoileanna ar 30 Meán Fómhair 2009.

| **Clárú Daltaí (30/9/09)** | **Íostáirseach de phoist mar Phríomhoidí Cúnta i scoileanna iarbhunoideachais ar leith** |
|---|---|
| < 100 | 0 |
| 100-199 | 1 |
| 200-299 | 2 |
| 300-399 | 3 |
| 400-499 | 4 |
| 500-699 | 5 |
| 700-899 | 6 |
| 900-1099 | 7 |
| > 1100 | 8 |

Caithfear na poist chúraim a fheidhmítear ar bhonn pearsanta a chomhaireamh agus an táirseach de phoist mar Phríomhoidi Cúnta á ríomh.

Má bhíonn an scoil laistíos den táirseach ábhartha atá léirithe sa tábla, is féidir leis an údarás scoile an gannchion sa phost (sna poist) mar Phríomhoidí Cúnta a líonadh chomh fada suas leis an táirseach ábhartha de réir na nósanna imeachta leasaithe a bhaineann le ardú céime.

Iarrfar ar gach CGO an líon iomlán d'fholúntais mar Phríomhoidi Cúnta, a bheidh á líonadh faoin mhaolú teoranta seo, a chur in iúl don Roinn.

(ii) Poist mar Chomhordaí na gClár ag leibhéal Príomhoidí Cúnta

Más amhlaidh go raibh folúntas ag scoil i bpost mar Chomhordaí na gClár ag leibhéal Príomhoide Chúnta ar 1 Meitheamh 2010 nó roimhe sin, is féidir de thoradh sin go mbeadh teideal aice ar mhaolú éigin. Déanfar méid an mhaolaithe sin a chinneadh tri thagairt a dhéanamh do staid iomlán na scoile ar 1 Meitheamh 2010 maidir le poist mar Phríomhoidí Cúnta.

An staid maidir le maolú ar bith d'fhéadfaí tarlú i leith folúntais ar bith a tharlóidh tar éis 1 Meitheamh 2010 mar Chomhordaithe Clár ag leibhéal Príomhoidí Cúnta, déanfar a leithéid a chinneadh sa bhFómhar nuair a bheidh an líon folúntas san iomlán níos soiléire.

Folúntais ar 1 Meitheamh 2010 nó roimhe sin – Riachtanais Fhaisnéise ó scoileanna

Na scoileanna sin a bheidh ag lorg maolú maidir le post mar Chomhordaí na gClár ag leibhéal Príomhoide Chúnta a bhí folamh ar 1 Meitheamh nó roimhe sin, iarrfar orthu an fhaisnéis a leanas a sholáthar do Rannóg Liúntas Iarbhunoideachais na Roinne faoi Dé hAoine 16 Iúil 2010 más féidir in aon chor nó um a luaithe ina dhiaidh sin:

- Dáta an fholúntais mar Chomhordaí na gClár ag leibhéal Príomhoide Chúnta

- Staid iomlán na scoile ar 1 Meitheamh 2010 maidir le poist mar Phríomhoidí Cúnta.

Glactar leis go mbeidh an dáta um chasadh ar ais lonnaithe sa thréimhse um shaoire scoile ach ar an drochuair ní raibh sé indéanta an imlitir seo a eisiúint níos luaithe ná sin. Chun cabhrú le scoileanna, is féidir an fhaisnéis a sholáthar trí bhíthin rphoist shimplí don Roinn ag baint feidhme as an seoladh rphoist Allocations@education.gov.ie . Níl litir fhoirmiúil ag teastáil ó scoileanna ina leith.

Tráth an fhaisnéis, a bhí ag teastáil, a bheith ar fáil, beidh an Roinn in ann, ansin, a chur in iúl do na scoileanna ar leith na folúntais reatha mar Chomhordaithe na gClár ag leibhéal Príomhoide Chúnta d'fhéadfaí a lionadh trí fheidhm a bhaint as na heagair mhaolaithe sin.

Caithfidh gach CGO, a bheidh ag lorg maolaithe, a leithéid d'fhaisnéis a sholáthar i leith a gcuid scoileanna ábhartha.

Folúntais tar éis 1 Meitheamh 2010 – Riachtanais Fhaisnéise ó scoileanna

Ba chóir d'údaráis scoileanna a chur in iúl do Rannóg Liúntas Iarbhunoideachais na Roinne faoi Dé hAoine 17 Meán Fómhair 2010 más mian leo bheith san áireamh le haghaidh maolaithe éigin d'fhéadfadh tarlú de thoradh fholúntais mar Chomhordaithe Clár ag leibhéal Príomhoide Chúnta tar éis 1 Meitheamh 2010.

(iii) Stiúrthóir um Oideachas Aosach ag leibhéal Leasphríomhoide:

Más amhlaidh go raibh folúntas ag scoil mar Stiúrthóir um Oideachas Aosach ar 1 Meitheamh 2010 nó roimhe sin ag leibhéal Leasphríomhoide, d'fhéadfaí an post a líonadh anois de réir na nósanna imeachta ábhartha a bhaineann le ceapachán.

Iarrfar ar gach CGO an líon iomlán d'fholúntais mar Stiúrthóir um Oideachas Aosach, a bheidh á líonadh faoin mhaolú teoranta seo, a chur in iúl don Roinn.

An staid i gcás gnéithe maolaithe i leith na bhfolúntas maidir le Stiúrthóir um Oideachas Aosach a tharlóidh tar éis 1 Meitheamh 2010, déanfar a leithéid a chur san áireamh sa bhFómhar nuair a bheidh an líon folúntas san iomlán níos soiléire mar aon leis an leibhéal maolaithe a bheidh de dhíth..

Ba chóir d'údaráis scoileanna a chur in iúl do Rannóg Liúntas Iarbhunoideachais na Roinne faoi Dé hAoine 17 Meán Fómhair 2010 más mian leo bheith san áireamh le haghaidh maolaithe éigin d'fhéadfadh tarlú de thoradh fholúntais mar Stiúrthóir um Oideachas Aosach tar éis 1 Meitheamh 2010.

## 4. Tosach na nósanna imeachta leasaithe le haghaidh ardú céime i scoileanna dara leibhéal

Tá na nósanna imeachta leasaithe le haghaidh ardú céime, a rinneadh a chomhaontú leis an gComhairle Réitigh do Mhúinteoirí, i bhfeidhm anois i scoileanna dara leibhéal. Tá a leithéid de nósanna imeachta leagtha amach in Aguisín1 den Imlitir seo.

Déanfar faisnéis maidir le tosach na nósanna imeachta leasaithe le haghaidh na mbunscoileanna a eisiúint in am is i dtráth.

## 5. Íocaíocht an Liúntais um Phost Cúraim:

Ní féidir éifeacht a thabhairt d'iocaíocht an liúntais do Phost Cúraim, a líonadh faoi na gnéithe maolaithe a leagadh amach san Imlitir seo, ach amháin sa scoilbhliain 2010/11.Déanfar an íocaíocht le héifeacht ó dháta an cheapacháin do Phost Cúraim sa scoilbhliain nua.

## 6. Fiosrúcháin:

Ba chóir na fiosrúcháin maidir leis na heagair mhaolaithe seo a sheoladh chuig na rphoist a leanas thíos:-

Do na bhunscoileanna: PrimaryAllocations@education.gov.ie

Do na hiarbhunscoileanna: Allocations@education.gov.ie

Ba chóir na fiosrúcháin maidir leis na nósanna imeachta leasaithe le haghaidh ardú céime a sheoladh chuig an rphost a leanas:- teachersna@education.gov.ie

Hubert Loftus
Príomh-Oifigeach
Rannóg Liúntas Múinteoirí

Iúil, 2010

# Aguisín 1

**Nósanna Imeachta Leasaithe Ceapacháin le haghaidh Ardú Céime a bhaineann le Príomhoidí Cúnta agus Múinteoirí um Dhualgais Speisialta i Scoileanna Dara Leibhéal.**

Rinneadh an comhaontú achoimrithe a leanas a bhaint amach idir na páirtithe a bhí gafa sa Chomhairle Réitigh Múinteoirí.

## 1. Na hEagair Nua

Beidh cúig chritéar i gceist don roghnú. Beidh ualú 20 marc ag dul le gach roghnú.

- Sinsearacht
- Eolas, Tuiscint agus Acmhainn chun riachtanais an phoist a shásamh
- Acmhainn chun rannpháirtíocht a ghlacadh i bhforbairt iomlán na scoile
- Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide
- Acmhainn chun rannpháirtíocht a ghlacadh in Eagraíocht agus i mBainistíocht na scoile ina iomlán

Déanfar sinsearacht a mheas mar a leanas:

<u>Seirbhís sa scoil nó sa scéim</u>

Bronnfar 20 pointe ar an iarratasóir is sinsearaí a rinne seirbhís sa scoil nó sa scéim. Ag baint feidhme as an tseirbhis sin mar bhunlíne, roinnfear í ar a ceathair chun ceithre cheathairíl a bhunú.

Bronnfar 20 pointe ar gach iarratasóir san uascheathairíl.
Bronnfar 15 pointe ar gach iarratasóir sa dara ceathairíl.
Bronnfar 10 bpointe ar gach iarratasóir sa tríú ceathairíl.
Bronnfar 05 phointe ar gach iarratasóir san íoscheathairíl.

<u>Seirbhís mar mhúinteoir i scoil nó i scéim eile</u>

Múinteoir ar bith a rinne seirbhís i scoil nó i scéim eile atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna – sa chás go mbeidh a leithéid de sheirbhís ina íosluach de cheathairíl amháin sa chomórtas i gceist – déanfar an duine sin a aistriú go dti an chéad cheathairíl eile níos airde ná mar a bheadh cosanta de thoradh seirbhíse sa scoil nó sa scéim ar an gcoinníoll nach rachadh sé thar 20 pointe san iomlán i dtéarmaí sinsearachta.

**2. Céimniú**

**Poist Bhuana**

2009-2010 – Beidh na heagair reatha i bhfeidhm

2010-2011 – Déanfar dhá thrian de na poist bhuana ar fáil ag leibhéal Príomhoidí Cúnta agus dhá thrian de na poist ag leibhéal na nDualgas Speisialta a líonadh faoi na heagair reatha. Déanfar trian de na poist bhuana ar fáil ag leibhéal Príomhoidí Cúnta agus trian de na poist ag leibhéal na nDualgas Speisialta a líonadh faoi na heagair nua.

2011-2012 – Na heagair chéanna mar a bhí sa scoilbhliain 2010-2011

2012-2013 – Na heagair chéanna mar a bhí sa scoilbhliain 2010-2011

2013-2014 - Déanfar a leath de na poist bhuana ar fáil ag leibhéal Príomhoidí Cúnta agus a leath de na poist ag leibhéal na nDualgas Speisialta a líonadh faoi na heagair reatha. Déanfar a leath de na poist bhuana ar fáil ag leibhéal Príomhoidí Cúnta agus a leath de na poist ag leibhéal na nDualgas Speisialta a líonadh faoi na heagair nua.

2014-2015 - Na heagair chéanna mar a bhí sa scoilbhliain 2013-2014

2015 agus as sin amach – Déanfar gach post buan ar fáil ag leibhéal Príomhoidí Cúnta agus ag leibhéal na nDualgas Speisialta a líonadh faoi na heagair nua.

**Poist Shealadacha**

Bainfidh na heagair nua le gach uile cheapachán sealadach le haghaidh Príomhoidí Cúnta agus Múinteoirí um Dhualgais Speisialta le héifeacht ó thosach na scoilbhliana 2013/2014. Leanfar ar aghaidh leis na heagair faoi láthair i gcás a leithéid de phoist go dtí deireadh na scoilbhliana 2012/2013.

**Feidhmiú an Agallaimh**

Le linn na hidirthréimhse, bainfear feidhm as an tacar iomlán de na chritéir thuasluaite sna hagallaimh do gach uile phost (**Sealadach agus Buan**) ach déanfar na marcanna a atheagrú chun na luachanna éagsúla don sinsearach, atá i bhfeidhm faoi láthair, a fhrithchaitheamh.

**3. An Córas Achomhairc**

Chuirfear córas achomhairc singil i bhfeidhm trasna gach uile earnáil chun a dheimhniú go gcomhlíonfar na nósanna imeachta cearta. Bainfidh an córas sin le gach uile cheapachán ó thoscah na hidirthréimhse. Ar an mBord Achomhairc beidh

ainmnitheach ón gceardchumann, ainmnitheach ón údarás bainistíochta mar aon le cathaoirleach neamhspleách comhaontaithe.

## 4. Baill an Bhoird Roghnaithe

San earnáil CGO

Iad seo thíos a bheidh mar bhaill den Bhord Roghnaithe:

POF nó ainmnitheach an POF (An Príomhoide, abair)
Ainmnitheach an CGO (Ball)
Ball neamhspleách a roghnú as painéal le comhaontú na gceardchumann (an cheardchumainn)

Ní fheidhmeoidh an POF ná a (h)ainmnitheach mar Chathaoirleach.

San earnáil chuimsitheach & chomhphobail

Iad seo thíos a bheidh mar bhaill den Bhord Roghnaithe:

Príomhoide na Scoile (ní fheidhmeoidh an duine sin mar Chathaoirleach)
Ainmnitheach an Iontaobhaithe
Ball neamhspleách a roghnú as painéal le comhaontú na gceardchumann (an cheardchumainn)

Sna Earnálacha Meánscoileanna Deonacha:

Iad seo thíos a bheidh mar bhaill den Bhord:

An Príomhoide
Ainmnitheach an Bhoird Bhainistíochta
Cathaoirleach neamhspleách a roghnú as painéal le comhaontú na gceardchumann.

## 5. Córas na n-achomharc le haghaidh cheapachán do na poist mar Phríomhoidí agus mar Leasphríomhoidí.

Tá comhaontú ar phrionsabal bainte amach chun córas achomhairc a chur ar bun i gcás cheapachán do na poist mar Phríomhoidí agus mar Leasphríomhoidí. Déanfar a leithéid a phlé leis na páirtithe chun an comhaontú sin a chur i gcrích.